



An Bhruiséil, 17 Feabhra 2021  
(OR. en, de, fr)

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2018/0235(NLE)

---

---

5916/21  
ADD 1

RECH 46  
COMPET 68  
ATO 7  
CADREFIN 50

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	14217/20 RECH 537 COMPET 652 ATO 90 CADREFIN 467
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9868/18 RECH 273 COMPET 423 ATO 32 CADREFIN 80 + ADD 1-2
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó - <i>Ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine</i> - <i>Ráiteas ó thoscaireacht Lucsamburg</i>

---

#### Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir le togra ITER

Déanann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine togra ITER a fhorpheas agus tugann sí an ráiteas seo a leanas atá le cur isteach sna miontuairiscí:

Ar bhonn Chomhaontú ITER 2006, mar a d'athdhearbhaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh sna Conclúidí uaithi maidir le tionscadal athchóirithe ITER an 12 Aibreán 2018 (7881/18), tacaíonn an Ghearmáin le cur i gcrích rathúil thionscadal ITER.

Measann an Ghearmáin gur tionscadal é ITER (agus an taighde comhleá go ginearálta) le haghaidh taighde bunúsach atá fadtéarmach agus dírithe ar chur i bhfeidhm. Is é is aidhm don taighde ar ghiniúint cumhachta comhleá foinse fuinnimh atá saor ó iontaise, iontaofa, inbhuanaithe agus inmharthana go heacnamaíoch a fhorbairt. Sa chás go gcuirtear an taighde i bhfeidhm go rathúil, ní bheidh an fhoinsé fuinnimh sin ar fáil ach ó 2050 amach.

Is é sprioc na Gearmáine, mar aon leis an gcóras fuinnimh a ghlású, a freagracht dhomhanda féin agus freagracht dhomhanda an Aontais a chur in iúl ar mhaithe lenár dtuiscint ar phróisis chomhleá a chur chun cinn a thuilleadh agus an saineolas eolaíoch den scoth sin a chur ar fáil don domhan mór. I bhfianaise an éilimh mhéadaithigh dhomhanda atá ar fhuinneamh, agus na spriocanna beartais aeráide idirnáisiúnta, measann an Ghearmáin go bhfuil sé ríthábhachtach go bhféachfaí ar raon leathan roghanna a d'fhéadfadh soláthar fuinnimh atá saor ó charbón a chur ar fáil amach anseo. D'fhéadfadh an fuinneamh comhleá a bheith ar cheann de na roghanna sin a shaothróidh ITER ar bhealach spriocdhírthe.

Mar sin féin, measann an Ghearmáin gurb iomchuí gan aon ábharthacht aeráide a shannadh do ITER laistigh de Chreat Airgeadais Ibhliantúil (CAI) 2021-2027. Is é is cúis leis sin gur dóchúil nach gcuirfear tús le hoibríochtaí ITER go dtí go bainfidh sé an Chéad Phlasma amach ag deireadh 2025. Dá réir sin, agus de réir an leasaithe ar aithris 10 a comhaontaíodh, níor cheart don Choimisiún Eorpach caiteachas an Aontais ar ITER a áireamh mar rannchuidiú leis an sprioc 30% ar a laghad de chaiteachas iomlán buiséid an Aontais agus Next Generation EU a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid. Ach a mbeidh an Chéad Phlasma bainte amach go rathúil, ní mór athmheasúnú a dhéanamh ar ábharthacht aeráide ITER toisc go mbeidh an CAI don tréimhse a thosóidh in 2028 ag druidim linn.

## **Ráiteas ó Lucsamburg**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear  
Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus  
um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó.**

Go ginearálta, tá Lucsamburg fós an-chriticiúil i dtaobh an chistithe atá curtha ar fáil ag an Aontas Eorpach do ghníomhaíochtaí taighde núicléacha. Ba mhaith le Lucsamburg go mbainfí tairbhe amach anseo as atreorú ar chistí Eorpacha agus go ndíreofaí ar an bhfuinneamh inathnuaite sna cistí sin. Ós rud é nach moltar atreorú den chineál sin sa ‘Chinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó’, níl aon athrú tagtha ar sheasamh Lucsamburg. D'ainneoin an drogail atá uirthi maidir le hábhar an Chinnidh sin, tá Lucsamburg in ann a forchoimeádas ginearálta a tharraingt siar agus staonfaidh sí ón vótáil dá bhri sin.